

Achoimre ar an Tuarascáil Bhliantúil 2014



Is gníomhaireacht de chuid an AE é CEPOL ina bhféachtar le hoiliúint a chur ar phóilíní agus, go háirithe, neartú a dhéanamh ar chumas na ngníomhaireachtaí Eorpacha um fhorghníomhú an dlí freagairt a thabhairt ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn, ag díriú orthu siúd a bhfuil gné Eorpach nó gné thrasteorann ag gabháil leo.

Forbraíonn CEPOL a phunann gníomhaíochtaí mar fhreagairt ar mheasúnú ar bhagairtí slándála agus ar riachtanais na mBallstát. Cruthaíonn CEPOL gníomhaíochtaí ábhartha foghlama, ar aon dul le treoir straitéiseach na nInstitiúidí Eorpacha.

Bliain dhúshlánach don ghníomhaireacht ab ea 2014, mar a tharla. Ní amháin gur éirigh le CEPOL na spriocanna a bhí ceaptha don bhliain sin a bhaint amach ach sáraíodh iad, d'ainneoin athlonnú as ar lean méadú ollmhór ar an riar oibre i gcomparáid le gnáthbhliain.

Tugadh Clár Oibre na gníomhaireachta chun críche, agus cuireadh níos mó gníomhaíochtaí ná mar a bhí súil leis i ngníomh. Ba ghné thábhachtach den obair sin gur leathnaigh an ghníomhaireacht raon na hoiliúna a chuirtear ar fáil agus gur sroicheadh an leibhéal rannpháirtíochta ab airde go dtí seo. Léiríonn an méadú seo ar rannpháirtíocht an spéis a chuirtear i gcatalóg bhliantúil oiliúna CEPOL agus a ábhartha atá sí, agus a thiomantas atá an ghníomhaireacht i leith rochtain ar oiliúint a mhéadú.

Athlonnú go Búdaipeist

D'aistrigh CEPOL go dtí a Cheanncheathrú nua i mBúdaipeist a 1 Deireadh Fómhair 2014. Bainistíodh an tionscadal iomlán i dtréimhse níos lú ná ceithre mhí.

Cuireadh an t-athlonnú i ngníomh go tapa agus d'éirigh le CEPOL aon tionchar diúltach nó aon chur isteach ar oiliúint ar ardchaighdeán a chur ar fáil a sheachaint agus leanúnachas gnó a chinntiú.

An t-athlonnú i bhfigiúirí

- 360 príomhghníomhaíocht le díriú orthu
- Tugtha chun críche laistigh de 4 mhí
- Coimeádadh os cionn 90% den fhoireann
- Chosain an t-athlonnú níos lú ná €1M



Clár Oibre 2014 á chur i ngníomh

In 2014, chuir CEPOL 125 gníomh oiliúna chun feidhme agus d'oil 10322 gairmí um fheidhmiú an dlí.



©Péter Polcz, Hungary.


Formhíniódh an Clár Oibre bliantúil 2014 le hionchur ó líonra agus ó gheallshealbhóirí na gníomhaireachta. Mar thoradh air sin, bhí gníomhaíochtaí tráthúla agus fócasaithe ann a oiriúnaíodh do riachtanais na mBallstát agus a bunaíodh de réir straitéis an AE um shlándáil inmheánach.

Forbraíodh punann na ngníomhaíochtaí 2014 ar aon réimse déag de thosaíochtaí straitéiseacha. Áirítear leis na gníomhaíochtaí a chlúdaítear ná ceannaireacht, teicnící um fheidhmiú an dlí, comhoibriú AE agus coireacht eacnamaíochta, i measc nithe eile. Deartar táirgí foghlama chun comhroinnt faisnéise agus dea-chleachtas a éascú agus chun cur le forbairt de chomhchultúr um fheidhmiú an dlí san Eoraip.

Bhí an leibhéal sástachta iomlán le gníomhaíochtaí CEPOL ard i gcónaí: dúirt 92% de rannpháirtithe go raibh siad an-sásta nó sásta leis na gníomhaíochtaí (94% i gcás cúrsaí cónaithe, 91% i gcás seimineár gréasáin agus 91% i gcás an Chláir Eorpaigh um Malartú Póilíní).

Gníomhaíocht	Líon na rannpháirtithe
Gníomhaíochtaí Cónaithe	2 098
Seimineáir Ghréasáin	5 399
Modúil ar Líne	2 513
Clár Malartaithe	312
Iomlán	10 322

Líon na rannpháirtithe



* Áirítear ar rannpháirtíocht seimineáir, cúrsaí, comhdhálacha, modúil ríomhfhoghlama, seimineáir ghréasáin agus an Clár Eorpach um Malartú Póilíní


Cúrsaí, Seimineáir agus Comhdhálacha

Na cúrsaí i bhfigiúirí

- Cuireadh 71 ghníomhaíocht chónaithe i ngníomh
- 2 098 rannpháirtí
- 710 oiliúnóir ó 34 tír agus 24 chomhlacht AE agus idirnáisiúnta
- 94% de ráta sástachta

Chuir CEPOL 71 ghníomhaíocht chónaithe i bhfeidhm (cúrsaí, seimineáir ghréasáin agus comhdhálacha), rud a sháraigh an sprioc bheartaithe (70). Thug gníomhaíochtaí cónaithe 2 098 rannpháirtí le chéile, arb ionann é agus 8% de mhéadú ar an réamhaisnéis bhunaidh (1 944) agus 710 oiliúnóir ó 34 tír (Ballstáit an AE agus Tríú Tíortha) móide 24 cinn de chomhlachtaí AE agus idirnáisiúnta. Bhí an ráta freastail (freastal iarbhair i gcomparáid le suíocháin bheartaithe) ard (108%).

Bronnadh deontais ar 63 ghníomhaíocht san iomlán i 2014. Cuireadh 62 díobh i ngníomh agus cealaíodh ceann amháin. Cuireadh buiséad de EUR 1 391 752 i leataobh i 2014 le haghaidh gníomhaíochtaí deontais agus caitheadh EUR 1 158 225.



©Audrey Pariente, CEPOL, Hungary.

An Clár Eorpach um Malartú Póilíní

An Clár i bhfigiúirí

- 6 mhír
- Malartú seachtaine
- 312 rannpháirtí ó 28 mBallstát AE agus ó 10 dtír ghaolmhara

Bhí 312 rannpháirtí páirteach sna malartuithe i 2014. Ba é 91% an ráta sástachta i gcoitinne.

Bhí sé mhír i gClár Eorpach um Malartú Póilíní CEPOL 2014: 1) mír ghinearálta le haghaidh póilíní; 2) mír le haghaidh ardcheannairí póilíní; 3) mír le haghaidh oiliúnóirí; 4) mír le haghaidh taighdeoirí; 5) mír idirghníomhaireachta; 6) mír ENP-WB.

An Ríomhfhoghlaim

An ríomhfhoghlaim i bhfigiúirí

- Cuireadh 54 sheimineár gréasáin i ngníomh
- 23 mhodúl ar líne
- 7912 úsáideoir de sheimineáir ghréasáin agus de mhodúil ar líne
- 91% de ráta sástachta

I dteannta a chuid ghníomhaíochtaí cónaithe, tairgeann CEPOL roinnt uirlisí ríomhfhoghlama. Féadfaidh rannpháirtithe rogha a dhéanamh idir modúil ar líne, seimineáir ghréasáin agus ardáin le haghaidh comhphobal ar líne. Trí na huirlisí seo a úsáid, tá gairmithe um fheidhmiú and dlí in ann cur lena gcuid faisnéise, a gcuid eispéireas a chomhroinnt agus a gcuid inniúlachtaí a fhorbairt.

Tá an t-éileamh ar fhoghlaim ar líne ag fás go réidh i gcónaí. Chuir CEPOL 54 sheimineár gréasáin i ngníomh i 2014, rud a mheall 5 399 rannpháirtí. De na himeachtaí seo ar líne, bhain 44 díobh leis an gClár Oibre bliantúil, cuireadh ocht gcinn eile i ngníomh mar fhreagairt ar riachtanais ad hoc agus bhí dhá cheann díobh ar an gcúl-liosta. Tuairiscíodh ardráta sástachta san iomlán de 91% le seimineáir ghréasáin i 2014.

Faoi 31 Nollaig 2014, bhí 23 cinn de mhodúil ar líne ar fáil ar chóras bainistíochta foghlama CEPOL (LMS) den ríomhghréasán, ar thug 2 513 úsáideoir cuairt orthu.

Bhí 7 912 úsáideoir san iomlán rannpháirteach i 2014 i ngníomhaíochtaí ríomhfhoghlama (féach an tábla thíos).



©Julian ter Huurne, CEPOL, Hungary.

Uirlisí ríomhfhoghlama CEPOL 2014

Líon na n-úsáideoirí

Seimineáir Ghréasáin	5 399
Modúil ar Líne	2 513
Iomlán	7 912

Comhchuraclaim

Tugadh dhá cheann de Chomhchuraclaim chun dáta i 2014: Sciúradh Airgid agus Gáinneáil ar Dhaoine Ghlac an Bord Rialála ceithre cinn de Chomhchuraclaim go foirmiúil i 2014: trí cinn a tugadh chun dáta i 2013 – Gainneáil ar Dhrugaí, Frithsceimhlitheoireacht agus Eurojust – agus ceann amháin a tugadh chun dáta i 2014 – Sciúradh Airgid.

Taighde agus eolaíocht

T&E i bhfigiúirí

- Liostáil 293 in LTRdb
- 1600 foilseachán sa ríomhleabharlann

Mhéadaigh líon na saineolaithe cláraithe i mBunachar Sonraí na Léachtóirí, na nOiliúnóirí agus na dTaighdeoirí (LTRdb) agus bhí 293 liostaithe ann ag deireadh na bliana. Le heisceacht nó dhó, tá saineolaithe ainmnithe ag Ballstáit uile an AE, agus ag gníomhaireachtaí Eorpach dála EUROPOL agus EMCDDA.

Foilsíodh dhá eagrán nua den 'European Science and Research Bulletin' (Uimhreacha 10 agus 11) i 2014.

Bhí deis ag úsáideoirí cláraithe ríomhghrásáin leas a bhaint as taisclann eolais CEPOL, an ríomhleabharlann, ina raibh 1 600 foilseachán ag deireadh 2014.

Comhchlár Eorpach Máistreachta

Is cúrsa Máistreachta dhá bhliain é an Comhchlár Eorpach Máistreachta ina dtógtar ceann de ghealltanais oibre oifigigh fhorghníomhaithe an dlí. Dearadh an Comhchlár chun cáilíocht bhreise a chur ar fáil d'oifigigh fhorghníomhú an dlí maidir le cur i ngníomh agus oibríochtú ionstraimí an AE, go háirithe ar chomhar idir póilíní i suíomhanna trasteorann. Is é an chéad chlár acadúil a d'urraigh CEPOL.

Ghlac 12 thoscaire ó acadaimh póilíní mar aon le hionadaithe Ollscoile ó 10 dtír AE páirt i nGrúpa Oibre a d'fhorbair Comhaontú Cuibhreannais ar son na Máistreachta. Siníodh an comhaontú an 9 Nollaig 2014. An 10 Nollaig 2014, tionóladh an chéad chruinniú de Bhord Stiúrtha na Máistreachta. Seoladh an nós imeachta um chreidiúnú ag deireadh 2014 agus síneofar an comhaontú um chreidiúnú i 2015. Cuirfidh CEPOL an chéad Chomhchlár Eorpach Máistreachta i ngníomh ó 2015 go 2017.

Caidreamh seachtrach

Is í an chomhpháirtíocht is cúis leis an rath a bhí orainn le blianta fada anois. Rinne an ghníomhaireacht, i gcomhar lena chomhpháirtithe líonra, tréaniarrachtaí chun a chaidreamh oibre le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus le tíortha na mBalcán Thiar a fheabhsú agus a oibríochtú. Thug CEPOL aird speisialta ar chomhar laistigh de bhraisle gníomhaireachtaí JHA agus ar chaidreamh lena gheallsealbhóirí a neartú.

Caidreamh seachtrach i bhfigiúirí

- 8 dTionscadal Acmhainní curtha i ngníomh le tacú ó CEPOL
- 9 gComhaontú Comhair le Tríú Tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta
- 10 Socrú Oibre le Tríú Tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta
- 2 Mheabhrán Tuisceana le heagraíochtaí idirnáisiúnta
- 4 Chomhaontú Neamhfhoirmiúil Comhairle (2 cheann i ngníomh, 2 cheann á n-ullmhú)

Bhí Socruithe Oibre ar phríomhghnóthachtálacha CEPOL i 2014. Shínigh CEPOL ceann leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i Nollaig 2014, tugadh an chaibidlíocht le hIar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine chun críche (ar feitheamh ar mhalartú litreacha tar éis leasuithe a d'iarr Comhairle an AE) agus seoladh caibidlíocht le hinstitiúidí oiliúna sa tSeirbia, sa Chosaiv¹, san Airméin, san Úcráin agus sna Stáit Aontaithe.

Chuir CEPOL tacú ar fáil i 2014 d'ocht gcinn de thionscadail forbartha acmhainní a chuir Ballstáit an AE nó eagraíochtaí idirnáisiúnta i ngníomh. Clúdaíodh sna tionscadail seo topaicí éagsúla, m.sh. modheolaíochtaí tacaíochta don ríomhfhoghlaim, oiliúint maidir le Teacht i dTír Gnéasach ar Leanaí, bainistíocht géarchéimeanna sibhialta agus topaicí tábhachtacha póilíneachta eile.



©Audrey Pariente, CEPOL, Hungary.

¹ Rinneadh an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádaís, agus tá sé ar aon dul le UNSCR 1244 agus le Tuairim ICJ ar Dhearbhu Neamhspleáchais na Cosaive.